Uimhir 35 *de* 2006

AN tACHT LEITHREASA 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, eadhon €40,189,155,000, a leithreasú.

2. Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, eadhon €159,135,000.

3. Rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 6 Nollaig 2006.

4. Gearrtheideal.

SCEIDEAL 1

Suimeanna a Vótáladh le hAghaidh Seirbhísí Soláthair a Leithreasú

SCEIDEAL 2

Géilleadh Iarchurtha a Bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965	1965, Uimh. 26
An tAcht Airgeadais 2004	2004, Uimh. 8
An tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927	1927, Uimh. 7
Public Accounts and Charges Act 1891	54 & 55 Vic., c. 24
Na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 1963	
An tAcht Aoisliúntas agus Pinsean 1976	1976, Uimh. 22

Uimhir 35 *de* 2006

AN tACHT LEITHREASA 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEITHREASÚ SUIMEANNA A DEONAÍODH LEIS AN ACHT PRÍOMH-CHISTE (FORÁLACHA BUANA) 1965 CHUN NA SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR AGUS NA gCRÍOCH CUÍ, DO DHÉANAMH FORÁLA MAIDIR LE TABHAIRT SUAS IARCHURTHA LEITHREASUITHE ÁIRITHE NEAMHURSCAOILTE DON PHRÍOMH-CHISTE FAOI THREOIR NA SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR CHAIPITIÚIL AGUS NA gCRÍOCH DÁ bhFORÁILTEAR LE hALT 91 DEN ACHT AIRGEADAIS 2004 AGUS DO DHÉANAMH FORÁLA I nDÁIL LEIS NA RÚIN AIRGEADAIS A RITH DÁIL ÉIREANN AN 6 NOLLAIG 2006.

[19 *Nollaig*, 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, eadhon €40,189,155,000, a leithreasú.

1.—(1) Na suimeanna a deonaíodh as an bPríomh-Chiste leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965 chun slánaithe an tsoláthair a deonaíodh, agus a ndéanann a n-iomlán suim daichead míle céad ochtó is naoi milliún, céad caoga is cúig mhíle euro le haghaidh sheirbhís na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2006, déantar iad a leithreasú le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a luaitear i *Sceideal 1*.

(2) I dteannta na ndeontas as an bPríomh-Chiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfar na suimeanna a thaispeántar faoi seach sa cholún deireanach de *Sceideal 1* agus a ndéanann a n-iomlán suim ceithre mhíle fiche is trí mhilliún, ceithre chéad tríocha is naoi míle euro a úsáid as aon airgead a n-ordaítear faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act* 1891 é a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair do na deontais le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a shonraítear sa Sceideal sin.

Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, eadhon €159,135,000.

2.—Chun críocha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, i leith leithreasaí neamhurscaoilte áirithe faoi threoir na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch a áirítear i vóta dá dtagraítear i *Sceideal 1*, leagtar amach i *Sceideal 2* na suimeanna a iarchuireadh isteach sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007, agus na vótaí gaolmhara agus na teidil ghaolmhara i leith gach ceann de na suimeanna sin, a ndéanann a n-iomlán suim céad caoga is naoi milliún, céad tríocha is cúig mhíle euro.

Rúin Airgeadais a rith Dáil Éireann an 6 Nollaig 2006.

3.—(1) Féadfar an reachtaíocht is gá chun éifeacht a thabhairt do na rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 6 Nollaig 2006 agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* den alt seo, faoi réir na tréimhse ama a shonraítear in alt 4 den Acht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927, a achtú sa bhliain 2007.

(2) Is iad seo a leanas na Rúin Airgeadais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

(*a*) Rún Airgeadais Uimh. 1 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le méadú ar an ráta sonraithe i gcomhair iasachtaí tosaíochta);

(*b*) Rún Airgeadais Uimh. 2 (a bhaineann le laghdú ar rátaí máil le haghaidh ceirisín agus gáis peitriliam leachtaithe);

(*c*) Rún Airgeadais Uimh. 3 (a bhaineann le dleachtanna máil ar thobac agus ar tháirgí tobac);

(*d*) Rún Airgeadais Uimh. 4 (a bhaineann le méadú ar na tairseacha clárúcháin Cánach Breisluacha);

(*e*) Rún Airgeadais Uimh. 5 (a bhaineann le méadú ar chothromráta Cánach Breisluacha feirmeoirí).

Gearrtheideal.

4.—Féadfar an tAcht Leithreasa 2006 a ghairm den Acht seo.

SCEIDEAL 1

Alt 1.

Suimeanna a Vótáladh le hAghaidh Seirbhísí Soláthair a Leithreasú

Sceideal de shuimeanna a deonaíodh, agus de shuimeanna a fhéadfar a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ina dteannta sin, chun íoctha mhuirir na Seirbhísí Poiblí a luaitear i *gcolún (2)* a ghabhann leis an Sceideal seo agus a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2006.

		Suimeanna nach mó ná	
Vóta Uimh.	Teideal	Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
1	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí an Uachtaráin, le haghaidh costas áirithe eile a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin agus le haghaidh deontas áirithe …	3,058,000	
2	Le haghaidh thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair a íoc … … … …	37,598,000	77,000
3	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas-i-gcabhair	15,199,000	8,000
4	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Príomh-Oifige Staidrimh … … …	84,761,000	695,000
5	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste … …	8,661,000	3,800,000
6	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc … … … …	110,831,000	1,130,000
7	Le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntas agus aiscí breise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 1963, agus faoin Acht Aoisliúntas agus Pinsean 1976, agus faoi ilreachtanna eile; pinsean eisreachtúil, liúntas eisreachtúil agus aiscí eisreachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Airgeadais; táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí i leith an Chórais Sochair Pinsean, íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc. …	242,442,000	50,000,000

		Suimeanna nach mó ná	
Vóta Uimh. (1)	Teideal (2)	Deontais Soláthair (3)	Leithreasaí-i-gcabhair (4)
		€	€
8	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc … … …	625,000	
9	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin … … …	381,727,000	38,890,000
10	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear Oifig an tSoláthair mar chuid de Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais, agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe i ndáil le faoiseamh tuile a chúiteamh …	558,318,000	22,579,000
11	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Saotharlainne Stáit	8,690,000	100,000
12	Le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí	806,000	
13	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit … … …	38,042,000	270,000
14	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí … …	33,635,000	15,000
15	Le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe …	10,100,000	1,594,000
16	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí … …	12,553,000	150,000
17	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí …	984,000	
18	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil … …	8,434,000	5,000
19	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc … … …	374,697,000	25,120,000

		Suimeanna nach mó ná	
Vóta Uimh.	Teideal	Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
20	Le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; le haghaidh íocaíochtaí cúitimh agus costas eile i leith seirbhíse sna Caomhnóirí Áitiúla; chun costais finnéithe áirithe a íoc; agus chun deontas-i-gcabhair a íoc … … … …	1,290,634,000	40,474,000
21	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún, foirne promhaidh agus leasa agus costas eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus leasa; agus chun deontas-i-gcabhair a íoc … … …	409,576,000	1,008,000
22	Le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste … … … …	85,252,000	32,956,000
23	Le haghaidh thuarastail agus chostais Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas …	41,150,000	
24	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla … … …	445,000	1,000
25	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha … … …	2,697,140,000	32,966,000
26	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc … … …	7,680,468,000	268,501,000
27	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le haghaidh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc. … …	429,220,000	49,250,000
28	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair agus ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta …	204,346,000	39,000,000

		Suimeanna nach mó ná	
Vóta Uimh. (1)	Teideal (2)	Deontais Soláthair (3)	Leithreasaí-i-gcabhair (4)
		€	€
29	Le haghaidh Cúnaimh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair áirithe, agus le haghaidh ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe atá páirteach i gCúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastal agus costas i dtaca leo sin … … … …	600,479,000	135,000
30	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus ildeontais-i-gcabhair a íoc … … …	291,441,000	236,248,000
31	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc … … … …	1,048,385,000	450,241,000
32	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc, agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile …	2,368,692,000	36,581,000
33	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Dánlainne Náisiúnta, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair … … …	9,439,000	1,000
34	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc	1,288,543,000	101,530,000
35	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	568,187,000	2,890,000
36	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	758,000,000	25,850,000

		Suimeanna nach mó ná	
Vóta Uimh.	Teideal	Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
37	Le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostas i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus ildeontas … …	170,200,000	5,900,000
38	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Sóisialacha, agus Teaghlaigh, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus le haghaidh deontas áirithe lena n-áirítear deontas-i-gcabhair …	7,215,246,000	169,809,000
39	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí (lena n-áirítear Oifig an Ard-Chláraitheora), agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha	392,058,000	380,000
40	Le haghaidh thuarastail agus chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na Feidhmeannachta, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha …	10,356,853,000	2,371,804,000
41	Le haghaidh seirbhísí áirithe a sholáthar i leith leanaí, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha	352,240,000	13,481,000
	Iomlán Sceideal 1....	40,189,155,000	4,023,439,000

Alt 2.

SCEIDEAL 2

Géilleadh Iarchurtha a Bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

Sceideal de shuimeanna a áirítear i *Sceideal 1* a bhféadfaidh an tAire Airgeadais a chinneadh ina leith, le hordú faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, go mbeidh siad ar fáil chun a n-úsáide chun slánaithe soláthair sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007 le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch sna Vótaí agus sna Teidil chomhréire a luaitear i *gcolúin (1)* agus *(2)*.

Vóta Uimh. (1)	Teideal (2)	Suimeanna dá n-iarchuirtear géilleadh. (3)
		€
10	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear Oifig an tSoláthair mar chuid de Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais, agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe i ndáil le faoiseamh tuile a chúiteamh … … … … …	30,965,000
19	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc … … … …	1,272,000
23	Le haghaidh thuarastail agus chostais Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas … … … …	500,000
25	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, agus scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha … … …	20,000,000
30	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc … … … … … …	15,257,000
31	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc	20,277,000
32	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe a íoc agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile … … … … …	29,100,000
34	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe agus deontas-i-gcabhair a íoc, agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc … … …	16,322,000

Vóta Uimh. (1)	Teideal (2)	Suimeanna dá n-iarchuirtear géilleadh. (3)
35	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc … … …	20,842,000
36	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais-i-gcabhair áirithe a íoc …	2,600,000
39	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí (lena n-áirítear Oifig an Ard-Chláraitheora), agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha … …	2,000,000
	Iomlán Sceideal 2	159,135,000